

Eleathanach218

Dé Luain 30 Samhain 2015

Bréagáin agus tallann ar *The Late Late Toy Show*.

Oíche Aoine bhí seó bliantúil na mbréagán ar siúl. Ar fud na tíre bhí páistí óga ar bís ag féachaint ar na bréagáin go léir. Bhí cailíní agus buachaillí óga ag taispeáint do Ryan Tubridy conas a oibríonn na bréagáin áirithe.

Is léir go raibh an-spraoi ag Ryan freisin nuair a chan sé amhrán ó *Beauty and the Beast* ag tús an chláir. Bhí ceoltóirí agus damhsóirí óga den scoth freisin ag taispeáint a gcuid tallainne. Rinne buachaill amháin darb ainm Fionn ón Tulach Mór rap an-ghreannmhar faoi ainmhithe agus faoi fheirmeoireacht.



Geansaí Nollag 2015

De Domhnaigh, tháinig na mílte amach ar Shráid Uí Chonail i mBaile Átha Cliath ag caitheamh geansaithe na Nollag. Bhí siad ag iarraidh an churiarracht dhomhanda a bhuachan - an méid is mó daoine ag caitheamh gheansaithe na Nollag ag an am céanna.

Anuraidh tháinig 1297 duine amach i ngeansaithe na Nollag agus d'éirigh leo an churiarracht a fháil. I mbliana gheobhaidh an carthanacht *Debra Ireland* an t-airgead a bhailigh siad ar an lá. Bhí Ardmhéara na Cathrach, Críona Ní Dhalaigh, ann chun na soilse Nollag a lasadh freisin. Bhí atmaisféar an-chorraitheach sa chathair.

Gach bliain bíonn leabhar ann ina bhfuil na curiarrachtaí domhanda go léir ar fáil. Sa leabhar do 2015 tá a lán scéalta aisteacha ann. Tá an leabhar ag ceiliúradh 60 bliain den fhoilseachán i mbliana.



An Téamh Domhanda: Daoine ag Máirseáil

Bhí daoine ag máirseáil ar fud an domhain Dé Domhnaigh chun teachtaireacht a thabhairt do cheannairí polaitiúla an domhain.

Bhí siúlóidí ar siúl i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste, i nGaillimh agus i gCorcaigh. Bhí na mílte duine ann. Tá daoine buartha faoin téamh domhanda agus faoin tionchar atá aige ar an timpeallacht.



Sacar: *Barclays Premier League*

Bhí Leicester ag imirt i gcoinne Manchester United Dé Sathairn. Chríochnaigh an cluiche ar comhscór, 1:1. Anois tá Leicester sa dara háit sa phríomhshraith agus Manchester United sa tríú háit. Tá Manchester City ag barr na sraithe.

Sa chluiche Dé Sathairn fuair Jamie Vardy an cúl do Leicester. Tá sé tar éis cúl a scóráil in aon chluiche dhéag i ndiaidh a chéile anois. Bhí an-áthas air agus shínigh na daoine eile ar an bhfoireann a gheansaí chun an onóir seo a cheiliúradh. Beidh sé ag súil le cúl eile an tseachtain seo chugainn i gcoinne Swansea City.